



Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais

i gCás C-876/24 | Vueling Airlines (Vueling Airlines (Cúirt inniúil i gcás conradh ar líne le haghaidh aeriompar náisiúnta))

Preaseisiúint Uimh. 128/26

Lucsamburg, 17 Meán Fómhair 2026

Ní chiallaíonn ceannach aerthiceid ar líne go bhfuil dlínse ag cúirt áit chónaithe an phaisinéara caingean le haghaidh damáistí a éisteacht i gcás caillteanas bagáiste

Cheannaigh paisinéir aerthicead le haghaidh eitilt de chuid na haerlíne 'Vueling Airlines (Barcelona) ó Mhaidrid (an Spáinn) go Barcelona (an Spáinn). Cheannaigh sí an ticéad óna áit chónaithe in Fuenlabrada (Maidrid) trí ardán díolacháin neamhspleách ar líne. Ag aerfort Mhaidrid, rinne an paisinéir bagáiste a chlárú, mar sheirbhís a bhí sa bhreis ar an eitilt. Cailleadh an bagáiste ina dhiaidh sin.

Thug an paisinéir caingean os comhair cúirte in Fuenlabrada chun cúiteamh a fháil as an damáiste a d'éascair as caillteanas a bhagáiste. Chuir cúirt na Spáinne roinnt amhrais in iúl maidir le léiriú Choinbhinsiún Montréal ¹, ina leagtar amach, *inter alia*, rialacha maidir le dlínse i gcás caingne le haghaidh damáistí arna dtabhairt ag an iompróir i gcomhthéacs iompar idirnáisiúnta d'aer ². Mar gheall air sin, chinn sí ceist a chur ar an gCúirt Bhreithiúnais i ndáil leis an gceist sin.

Ar dtús, iarrann cúirt na Spáinne an bhfuil feidhm ag Coinbhinsiún Montréal, toisc gur cailleadh an bagáiste le linn iompair d'aer idir dhá aerfort atá suite sa Bhallstát céanna.

Freagraíonn an Chúirt gur leathnaíodh raon feidhme **Choinbhinsiún Montréal** leis an Rialachán maidir le dlíteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer ³ chun rialú a dhéanamh freisin ar **chinneadh na gcúirteanna** a bhfuil dlínse chríoachach acu **caingean le haghaidh damáistí a éisteacht agus a chinneadh i gcás caillteanas bagáiste** le linn iompair d'aer **idir dhá aerfort atá suite i gcríoch Ballstáit aonair**, ar caingean í arna tabhairt ag **duine a bhfuil sainchónaí air sa Bhallstát sin** i gcoinne **aeriompróir de chuid an Aontais a bhfuil a oifig chláraithe sa Bhallstát sin**.

Ina dhiaidh sin, ba mhaith le cúirt na Spáinne a fháil amach an bhfuil dlínse aici mar chúirt na háite ina bhfuil bunaíocht ag an iompróir inar tugadh an conradh aeriompair i gcrích. Chuige sin, bheadh gá leis an áit sin a léiriú mar thagairt do phríomháit chónaithe agus do bhuanáit chónaithe an phaisinéara nuair a tugadh an conradh i gcrích ar líne.

Measann an Chúirt, sa chás sin, **nach féidir a mheas gurb í an chúirt ina bhfuil príomháit chónaithe agus buanáit chónaithe an phaisinéara cúirt na háite ina bhfuil an bhunaíocht sin suite agus, dá bhrí sin, nach féidir dlínse a bheith aici ar an mbonn sin caingean le haghaidh damáistí a éisteacht i gcás caillteanas bagáiste** ⁴.

Ar deireadh, iarrann cúirt na Spáinne, chun an áit sin a chinneadh, an gá idirdhealú a dhéanamh idir an phríomhsheirbhís a bhaineann le hiompar an phaisinéara agus an tseirbhís choimhdeach a bhaineann le hiompar bagáiste, go háirithe i gcás ina mbaineann an damáiste a rinneadh go sonrach leis an gceann deireanach sin agus inar tugadh an conradh maidir le hiompar bagáiste i gcrích in áit seachas an áit inar tugadh an conradh maidir le hiompar an phaisinéara i gcrích.

Dar leis an gCúirt, os rud é gur **seirbhís choimhdeach** é iompar bagáiste, **gurb ionann an conradh maidir leis an bpaisinéir a iompar d'aer agus an conradh lena ndéantar an chúirt a bhfuil dlínse aici a chinneadh**.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid

os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh..

Tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta chun déileáil le hiarrataí ar réamhrialú a bhaineann go heisiach leis na hábhair seo a leanas: (1) an comhchóras cánach breisluacha (CBL), (2) dleachtanna máil, (3) an Cód Custaim, (4) rangú earraí de réir taraife faoin Ainmníocht Chomhcheangailte, (5) cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndíuláítear cead bordála dóibh nó moill ar sheirbhísí iompair nó cealú seirbhísí iompair nó (6) an córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa. Tá dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais chun gach iarraidh eile ar réamhrialú a láimhseáil.

Ní thugann an Chúirt Bhreithiúnais ná an Chúirt Ghinearálta rialú ar an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais nó ón gCúirt Ghinearálta. Beidh an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Déantar tagairt le cur i láthair na bhfíoras agus an chreata dhlíthiúil don am ábhartha agus tá sé bunaithe ar an gcáschomhad.

Foilsítear [téacs iomlán agus i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355

Tá pictiúir d'fhógairt an bhreithiúnais ar fáil ar '[Curia Web TV](#)' agus ar '[European Broadcasting Service](#)' ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ [Coinbhinsiún maidir le hAontú Rialacha Áirithe i dtaca le hlompar Idirnáisiúnta d'Aer](#) a tugadh i gcrích in Montréal an 28 Bealtaine 1999 agus a shínigh an Comhphobal Eorpach an 9 Nollaig 1999 agus a formheasadh thar a cheann le [Cinneadh 2001/539/CE ón gComhairle](#) an 5 Aibreán 2001.

² De réir Airteagal 33(1) de Choinbhinsiún Montréal, ní mór caingeann le haghaidh damáistí a thionscnamh, de rogha an ghearánaí, i gcríoch ceann de na Stáit is Páirtithe, sna cúirteanna san áit ina bhfuil sainchónaí ag an iompróir, i bpríomhált ghnó an iompróra nó san áit ina bhfuil bunaíocht ag an iompróir inar cuireadh an conradh i gcrích, nó os comhair na cúirte sa cheann scribe. Bunaítear rialacha sonracha leis an gCoinbhinsiún sin i gcás damáiste a eascraíonn as bás paisinéara nó as díobháil choirp do phaisinéir.

³ [Rialachán \(CE\) Uimh. 2027/97](#) ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1997 maidir le dlíteanas aeríompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer. Rinneadh leasú ar an rialachán sin chun na forálacha ábhartha de Choinbhinsiún Montréal maidir le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer a chur i bhfeidhm agus chun a chur i bhfeidhm a leathnú chuig iompar d'aer laistigh de chríoch aon Bhallstáit amháin. Rinneadh an leasú sin le [Rialachán \(CE\) Uimh. 889/2002](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Bealtaine 2002 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 ón gComhairle maidir le dlíteanas aeríompróirí i gcás tionóiscí. Is é is aidhm don Rialachán seo tacar aonair rialacha a chruthú lena rialófar dlíteanas aeríompróirí.

⁴ Cuireann an Chúirt in iúl, *inter alia*, go mbeadh sé contrártha leis an gcuipóir maidir le cothromaíocht chóir idir leasanna na dtomhaltóirí agus leasanna na n-aeríompróirí agus le cuipóir na hintuarthachta agus na deimhneachta dlíthiúla a mheas, mar thoradh ar sheirbhísí aeríompair a dhíol ar líne, nach mór do na hiompróirí sin an riosca a bheith ina bpáirtithe i gcúirteanna áit ar bith ar domhan ina bhfuil an tairiscint ar líne ar fáil a sheasamh, lena n-áirítear in áiteanna nach bhfuil aon láithreachta fhisiciúil acu ann nó nach bhfuil aon bhaint acu leis an iompar lena mbaineann. Thairis sin, le linn na *travaux préparatoires* le haghaidh Coinbhinsiún Montréal, chuir a lán toscaireachtaí in iúl go raibh siad i gcoinne critéar a chur isteach maidir le sannadh dlínse a chomhfhreagraíonn do shainchónaí nó do phríomhált chónaithe agus do bhuanáit chónaithe an phaisinéara. Dá bhrí sin, bhí a raon feidhme teoranta i gcónaí do chásanna báis nó díobhála coirp an phaisinéara.